

**AN SCÉIM TEANGA  
DE CHUID AN BHOIRD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL**

**2019 - 2022**

**FAOI ALT 15 DEN ACHT UM THEANGACHA OIFIGIÚLA  
2003**



<b>Clár Ábhair:</b>	<b>Leathanach</b>
<b>Brollach</b>	<b>5</b>
<b>Caibidil 1</b>	<b>6</b>
1.1 Réamhrá	6
1.2 Ullmhú na Scéime	6
1.2.1 Comhairliúchán	6
1.3 An tÉileamh ar Sheirbhísí trí Ghaeilge a mheasúnú	7
1.4 Cuspóirí na Scéime	7
1.5 Dáta Tosaigh na Scéime	7
<b>Caibidil 2 Forbhreathnú ar an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil</b>	<b>8</b>
2.1 Sainordú	8
2.2 Misean	8
2.3 Rialachas	8
2.4 Seirbhísí a Sholáthraítear	9
Cúnaimh Dlíthiúil Sibhialta	9
Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh	9
Cúnaimh Dlí Choiriúil	10
Ionad Doiciméadaithe Dídeanaithe	10
2.5 Foireann an Bhoird	10
2.6 Ceannoifig	10
2.7 Cliaint agus Páirtithe Leasmhara	11
<b>Caibidil 3 - Athbhreithniú ar Sheirbhísí trí Ghaeilge agus feabhsúcháin atá beartaithe</b>	<b>12</b>
3.1 An Córas Teanga atá ann le haghaidh Seirbhísí a Sholáthar	12
3.1.1 Ionaid Dhlí na Seirbhíse Dlí	12
3.1.2 Seirbhísí na Ceannoifige	12
3.1.3 Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh	12
3.2 Comhéadan Poiblí	13
3.2.1 Foirmeacha agus Bileoga	13

<b>3.2.2 Suíomh Gréasáin:</b>	<b>13</b>
<b>3.2.3 Foilseacháin</b>	<b>13</b>
<b>3.2.4 Oiliúint</b>	<b>13</b>
<b>3.3 Seirbhísí atá le soláthar trí Mheán na Gaeilge</b>	<b>14</b>
<b>3.4 Seirbhísí atá le soláthar trí Mheán na Gaeilge agus an Bhéarla</b>	<b>14</b>
<b>3.4.1 Measúnú ar éileamh féideartha sa todhchaí</b>	<b>14</b>
<b>3.4.2 Seirbhís Dlí - Ionaid Dhlí</b>	<b>14</b>
<b>3.4.3 Seirbhís bunaithe ar ateangaire</b>	<b>15</b>
<b>3.4.4. Seirbhísí bunaithe ar chleachtóir príobháideach</b>	<b>15</b>
<b>3.4.5 Abhcóidí</b>	<b>15</b>
<b>3.4.6 Seirbhísí na Ceannoifige</b>	<b>16</b>
<b>3.4.7 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán an Bhéarla amháin</b>	
<b>- Seirbhísí Dlíthiúla le haghaidh Lucht Iarrtha Tearmainn</b>	<b>16</b>
<b>3.5 Cumarsáid</b>	<b>16</b>
<b>3.6 Acmhainní</b>	<b>16</b>
<b>3.6.1 An Fhoireann</b>	<b>16</b>
<b>3.7 Dearbhú Cáilíochta</b>	<b>17</b>
<b>3.8 Comhéadan Poiblí</b>	<b>17</b>
<b>3.8.1 Foirmeacha agus Bileoga</b>	<b>17</b>
<b>3.8.2 Teileafóin</b>	<b>17</b>
<b>3.8.3 Oifigí Poiblí</b>	<b>18</b>
<b>3.4.8 Suíomh Gréasáin an Bhoird</b>	<b>18</b>
<b>3.8.5 Córais TF</b>	<b>18</b>
<b>3.9 Forbairt na Foirne</b>	<b>19</b>
<b>3.10 Tacaíochtaí do Sholáthar Seirbhísí as Gaeilge</b>	<b>19</b>
<b>Caibidil 4 Tosú agus Cur Chun Feidhme</b>	<b>20</b>
<b>4.1 - Cur chun feidhme</b>	<b>20</b>
<b>4.2 Comhlíonadh</b>	<b>20</b>

## **Aguisín 1**

**Láthair Oifigí an Bhoird agus na nIonad/Seirbhísí Dlí Oifigí Seachadta 21**

**Oifigí an Bhoird 21**

**Liosta na nIonad Dlí 22**

**Ionaid Dhí Lánaimseartha 22**

**Ionaid Dhí Pháirtaimseartha 26**

## **Aguisín 2**

**Liosta de na hOifigí Idirghabhála Teaghlaigh 29**

**Oifigí Lánaimseartha 29**

**Oifigí páirtaimseartha 30**

## **RÉAMHFHOCAL**

Fáiltím roimh fhoilsiú na Scéime seo a ullmhaíodh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Leagtar amach sa Scéim seo an bealach ina bhfuil sé beartaithe ag an mBord a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le húsáid na Gaeilge sa tréimhse 2019 go 2022.

Is mór ar fad agam tiomantas agus dúthracht na mball foirne a chuir ar ár gcumas seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus a thug faoi oideachas agus oiliúint a chur orthu féin ionas gur fearr a bheidís in ann déileáil le fiosrúcháin as Gaeilge. Beidh an tiomantas leanúnach seo ag ár lucht foirne ina fhachtóir ríthábhachtach agus sinn ag iarraidh an cuspóir fíor-fhiúntach seo a bhaint amach, eadhon na seirbhísí a sholáthraíonn an Bord as Gaeilge le linn shaolré na Scéime seo a fhorbairt a thuilleadh.

John McDaid  
Príomhfheidhmeannach

# CAIBIDIL 1

## 1.1 RÉAMHRÁ

Rinne an Bord um Chúnaimh Dlíthiúil an Scéim seo, a chlúdaíonn an tréimhse 2019-2022, a ullmhú de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialachán um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008.

Foráiltear le hAlt 11 go mbeidh scéim reachtúil le hullmhú ag comhlachtaí poiblí lena dtabharfar mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus,
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon tseirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chur ar fáil i nGaeilge laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

## 1.2 ULLMHÚ NA SCÉIME

Chuir an Bord an Scéim le chéile agus aird á tabhairt ar na Treoirínte arna n-ullmhú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht, agus go háirithe, faoin treoirlíne go mbeadh an soláthar seirbhísí i nGaeilge bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí sainiúla i nGaeilge i gcomhthéacs an tsoláthair shainiúil; agus
- acmhainní, ar a n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta poiblí atá i gceist an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

### 1.2.1 Comhairliúchán

De réir alt 13 (1) (a) den Acht, d'fhoilsigh an Bord roimhe seo fógra le cur in iúl go raibh siad ag beartú Dréacht-Scéim a ullmhú. Foilsíodh fógraí dátheangacha ag iarraidh aighneachtaí sna nuachtáin náisiúnta agus ar shuíomh gréasáin an Bhoird, agus cuireadh fógraí as Gaeilge i bhfoilseachán Gaeilge amháin. Cuireadh an t-eolas céanna in iúl do lucht foirne an Bhoird trínár gclár inmheánach fógraí. Fuarthas

iomlán de dhá aighneacht ón gcomhairliúchán seachtrach agus tá siad seo le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie).

### **1.3 AN tÉILEAMH AR SHEIRBHÍSÍ TRÍ GHAeilGE A MHEASÚNÚ**

Iarradh roimhe seo ar na hIonaid Dlí agus ar na hIonaid Idirghabhála Teaghlaigh a chur in iúl cén leibhéal éilimh a bhí ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Thug na torthaí ag an am sin le fios go raibh éileamh teoranta ann suas go dtí an dáta sin. Ní raibh aon iarratais ar sheirbhís dlí trí Ghaeilge ann ach in ionad dlí amháin a raibh seirbhís iomlán dlí trí Ghaeilge ar fáil cheana féin. D'iarr cúigear cliant ar an iomlán seirbhís trí Ghaeilge ón ionad dlí le linn tréimhse 30 mí.

Mar chuid den chéad Scéim de chuid an Bhoird, chuir cuideachta taighde margaidh suirbhé i gcrích i lár na bliana 2008. Tháinig siad ar an tátal go raibh an t-éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge ón mBord ar leibhéal íseal fós. Is é an dealramh atá air faoi láthair go bhfuil leibhéal íseal iarrataí ann fós ar sheirbhísí trí Ghaeilge inár n-oifig i nGaillimh agus bhíomar in ann iad sin a láimhseáil gan stró.

### **1.4 CUSPÓIRÍ NA SCÉIME**

Tá an Bord tiomanta do chur i bhfeidhm fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialachán um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008.

Rinneadh roinnt tiomantas i Scéimeanna roimhe seo chun feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge. Is éard is aidhm leis an Scéim seo ná leanúint le feidhmiú na dtiomantas sin agus cur a thuilleadh leis an leibhéal seirbhíse thar thréimhse na Scéime (2018-2020) trí chultúr dearfach a fhorbairt a spreagann úsáid na Gaeilge laistigh den Bhord agus inár mbeartaíocht lenár gcustaiméirí.

### **1.5 DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME**

Tá an scéim seo faofa ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó **26 Feabhra 2019** agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## CAIBIDIL 2 – FORBHREATHNÚ AR AN mBORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

### 2.1 SAINORDÚ

Bunaíodh an Bord um Chúnaimh Dlíthiúil faoin Acht um Chúnaimh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 mar an comhlacht reachtúil, neamhspleách atá freagrach as cúnaimh agus comhairle dlí i gcásanna sibhialta a chur ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha. Tá sé luaite in Alt 5(1) den Acht arna leasú:

*“ Is í an phríomhfheidhm a bheidh ag an mBord:*

*(a) na nithe seo a leanas a sholáthar, de réir acmhainní an Bhoird agus faoi réir fhorálacha eile an Achta seo —*

*(i) cúnaimh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil i gcásanna sibhialta do dhaoine a chomhlíonann ceanglais an Achta seo, agus*

*(ii) seirbhís idirghabhála teaghlaigh;*

*(b) i gcás ina measann an Bord gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh socruithe a dhéanamh—*

*(i) maidir le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar thar a cheann trí dhaoine a bheidh ceaptha chun na críche sin aige a fhostú, agus*

*(ii) maidir le hoiliúint ar idirghabháil teaghlaigh a sholáthar é féin nó trí dhaoine a bheidh ceaptha chun na críche sin aige.*

### 2.2 MISEAN

Tugann Plean Corparáideach 2018 – 2020 an Bhoird sainmhíniú ar a mhisean mar seo a leanas:

*Réiteach éifeachtach ar aighnis sibhialta a chumasú trí sheirbhísí cúnaimh dhlíthiúil agus idirghabhála teaghlaigh éifeachtúla, inrochtana a chur ar fáil agus scéimeanna cúnaimh dhlíthiúil an Stáit i gcásanna coiriúla a bhainistiú agus a riar go héifeachtach.*

### 2.3 RIALACHAS

Is Bord reachtúil, arna cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a rialaíonn an Bord. Cuimsíonn an Bord cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta. Tá sé freagrach faoin Acht um Chúnaimh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 as:

- stiúradh straitéiseach na heagraíochta;



- beartas a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais sin;
- bainistíocht chuí agus éifeachtach na heagraíochta a mhaoirsiú;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta éifeachtacha airgeadais, agus cuntasacht a sholáthar;
- buiséid a fhaomhadh agus a mhonatóiriú, agus
- cinntí coimeádta áirithe a dhéanamh.

## **2.4 SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍTEAR**

Tá freagracht ar an mBord um Chúnadh Dlíthiúil as seirbhísí a bhaineann le cúnadh dlíthiúil i gcásanna sibhialta, le hidirghabháil teaghlaigh agus le gnéithe de chúnadh dlíthiúil i gcásanna coiriúla.

### **Cúnadh Dlíthiúil Sibhialta**

Cuireann an Bord seirbhísí aturnaetha agus, nuair is gá, abhcóidí ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha maidir le cúrsaí a bhaineann leis an dlí sibhialta. Is iad saindualgas reachtúil reatha an Bhoird agus leibhéal na n-acmhainní a sholáthraítear is mó a chinneann raon agus freagrúlacht na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht.

I measc na seirbhísí a sholáthraítear tá comhairle dlí lena gclúdaítear comhairle ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí sibhialta, agus cúnadh dlíthiúil lena gclúdaítear ionadaíocht ó aturanae nó abhcóide arna fhostú ag an mBord chun ionadaíocht a sholáthar in imeachtaí cúirte de réir mar a cheadaíonn an tAcht.

Clúdaíonn an tseirbhís freisin comhairle dlí agus cúnadh dlíthiúil i gcomhair iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Stát.

Soláthraítear an tseirbhís ar bhonn náisiúnta in ionaid dlí nó oifigí seachadta seirbhíse ar fud na tíre, agus 32 cinn díobh atá lánaimseartha agus 9 gcinn díobh atá páirtaimseartha. Cuireann aturnaetha príobháideacha, arna gcoinneáil ar bhonn táille in aghaidh an cháis, an tseirbhís seo ar fáil freisin.

### **Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh**

Ar an 1ú Samhain 2011 aistríodh freagracht as seirbhísí idirghabhála teaghlaigh arna maoiniú ag an Stát chuig an mBord um Cúnadh Dlíthiúil faoi ordú ón Aire lenar cuireadh i bhfeidhm an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Cuirtear seirbhísí idirghabhála teaghlaigh ar fáil trí sheacht n-oifig lánaimseartha agus deich n-oifig pháirtaimseartha.

## **Cúnamh Dlí Choiriúil**

Tá an Bord freagrach as riar na scéimeanna seo a leanas: Scéim Chomhairle Dlí Stáisiún an Gharda Síochána, an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta (Scéim Ad-hoc an Ard-Aighne an teideal uirthi roimhe seo), agus Scéim Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB). Aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha, arna gcoinneáil ar bhonn táille in aghaidh an cháis, a chuireann na seirbhísí sna scéimeanna sin ar fáil.

## **Ionad Doiciméadaithe Dídeanaithe**

Feidhmíonn an Bord chomh maith Ionad speisialaithe Doiciméadaithe Dídeanaithe a chuireann seirbhís neamhspleách, ghairmiúil taighde agus leabharlainne ar fáil do na príomhchomhlachtaí atá gafa leis an bpróiseas dídine.

### **2.5 FOIREANN AN BHOIRD**

Tá coibhéis lánaimseartha de thuairim is 435 ball foirne ag an mBord ar an iomlán, agus ina measc sin tá coibhéis lánaimseartha de 120 aturnae, atá suite i 30 ionad dlí lánaimseartha agus trí oifig speisialaithe ar fud na tíre, agus a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann pharaidhlíthiúil agus riaracháin. Cuirtear seirbhísí idirghabhála teaghlaigh ar fáil ó 18 lárionad ina bhfuil coibhéis lánaimseartha de thuairim is 24 idirghabhálaí arna dtacú ag foireann riaracháin de 24. Tá aonad tiomnaithe ann chun na Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dhlíthiúil i gCásanna Coiriúla atá suite i mBaile Átha Cliath a riar. Tá roinnt aonad tacaíochta i gCathair Saidhbhín agus i mBaile Átha Cliath freisin, atá i mbun bainistíochta ar fheidhmeanna lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta dlí, airgeadas, TFC, acmhainní daonna, taighde, leabharlann agus seirbhísí corparáideacha.

### **2.6 CEANNOIFIG**

Tá Ceannoifig an Bhoird suite i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí áit a bhfuil 46 ball foirne suite. Tugtar faoi chuid d'fheidhmeanna na ceannoifige i mBaile Átha Cliath freisin.

Tá sonraí faoi shuíomhanna na n-oifigí seachadta seirbhíse aonair agus na ceannoifige le fáil in Aguisíní 1 agus 2.

## 2.7 CLIANT AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA

Seirbhís ghairmiúil dlí agus idirghabhála arna maoiniú ag an Stát atá á cur ar fáil ag an mBord, agus is iad na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí dlí agus idirghabhála a bhíonn mar chliant aige. Bíonn feidhm ag ceanglais reachtúla agus ghairmiúla an chaidrimh chliant-aturnae agus an chaidrimh chliant-idirghabhálaí i gcás gach cliant den sórt sin.

Is grúpa níos leithne ar fad páirtithe leasmhara an Bhoird lena n-áirítear

- an Rialtas
- Cártaí Cártaí
- Cliant Ionchasacha
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Lucht Dlí
- Gairm an Idirghabhálaí
- Gníomhaireachtaí Stáit a dhéileálann le bonn cliant an Bhoird
- Grúpaí Deonacha a dhéileálann le bonn cliant an Bhoird

## **CAIBIDIL 3 - ATHBHREITHNIÚ AR SHEIRBHÍSÍ TRÍ GHAELGE AGUS FEABHSÚCHÁIN ATÁ BEARTAITHE**

### **3.1.1 An t-Seirbhís Dlí - Ionaid Dhlí**

Soláthraítear seirbhísí ionad dlí an Bhoird go príomha trí Bhéarla. Soláthraíonn an Bord a sheirbhís ionad dlí iomlán trí Ghaeilge, chomh maith, dóibh siúd a iarrann í trína nIonaid Dhlí sa Ghailimh agus i gCaisleán an Bharraigh. Sa chomhthéacs seo déanann seirbhís an ionaid dlí tagairt do na seirbhísí a sholáthraíonn dlíodóir in ionaid dhlí an Bhoird. Sa chás go n-éilíonn cliant i gcuid eile den dtír seirbhís i nGaeilge, taistealóidh dlíodóir a sholáthraíonn seirbhís i nGaeilge go suíomh atá oiriúnach don gcliant sin nó déanfaidh sé/sí socruithe oiriúnacha eile chun teagmháil leis an gcliant. Seo an nós imeachta céanna atá i bhfeidhm nuair a éilíonn seirbhís an Bhéarla an tseirbhís a bheith soláthraithe ag dlíodóir ó ionad dlí i gceantar difriúil.

Soláthraíonn an Bord seirbhís dlí do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil trí Bhéarla le cabhair ó ateangairí do na cliant sin a éilíonn í. Níor lorg aon chliant de chuid na seirbhíse seo an tseirbhís a fháil trí Ghaeilge ón am a bunaíodh an seirbhís i 1999.

### **3.1.2 Seirbhísí na Ceannoifige**

Tá feidhmeanna cheannoifig an Bhoird dírithe go príomha ar an tacaíocht do sheachadadh seirbhísí duine le duine. Ina theannta san, tá ceannoifig an Bhoird mar an chéad phointe teagmhála do go leor cliant agus iarratasóirí. Faigheann an ceannoifig méid teoranta glaonna agus comhfhreagras trí Ghaeilge agus déileáiltear leo sin trí dhaoine ainmnithe san oifig.

### **3.1.3 Seirbhísí idirghabhála teaghlaigh**

Is seirbhís shaor, rúnda idirghabháil teaghlaigh ina gcabhraíonn idirghabhálaí proifisiúnta leo sin atá gafa i gcliseadh teaghlaigh agus, go háirithe, lánúineacha atá ag scaradh nó ag colscaradh, pósta nó neamhphósta araon, chun a gcuid téarmaí scartha nó colscartha a idirbheartú. Cabhraíonn sé, chomh maith, le lánúineacha comhghnéis agus le lánúineacha nár chónaigh le chéile riamh nó nach raibh caidreamh acu riamh fiú ach go bhfuil leanbh acu le chéile.

Cuirtear seirbhísí idirghabhála teaghlaigh ar fáil i nGaeilge ar iarratas ó Ionad Idirghabhála Teaghlaigh an Bhoird i nGailimh atá suite i gcathair na Gaillimhe.

## **3.2 COMHÉADAN POIBLÍ**

### **3.2.1 Foirmeacha agus Bileoga**

Is é polasaí an Bhoird go mbíonn gach foirm agus gach bileog dá chuid le fáil i nGaeilge. Chuige sin rinneadh na foirmeacha agus na bileoga go léir a bhaineann lena sheirbhís ionaid dlí a aistriú agus tá siad le fáil i nGaeilge agus i mBéarla ina n-ionaid dhlí. Tá gach foirm iarratais le haghaidh seirbhísí dlíthiúla le fáil ar bhonn dátheangach faoi chlúdach amháin.

Sa chás go bhfaightear iarratais i scríbhinn/gutháin/ríomhphoist le haghaidh eolais faoi sheirbhísí an Bhoird, soláthraítear cóip den bhileog cuí i dteanga an iarratais nó sa teanga iarrtha, má tá sé difriúil. Dáiltear foirmeacha agus bileoga, chomh maith, trí roinnt ionad eile, mar shampla Ionaid Eolais do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí theagmháil a dhéanamh le Ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Íosghlao 1890 - 615200

### **3.2.2 Suíomh Gréasáin:**

Tá rogha trí Ghaeilge san áireamh le suíomh gréasáin an Bhoird rud atá ina íomhá scáthánach iomlán den leagan Béarla. Tá gach leathanach gréasáin le fáil sa dá theanga araon. Is féidir le húsáideoirí leagan na teanga a theastaíonn uathu teacht air a roghnú ag aon pointe ar an suíomh gréasáin. Bíonn foilseacháin agus doiciméid bheartais an Bhoird a dhéantar a phostáil ar an suíomh le fáil sna teangacha ina bhfuil siad foilsithe. Tá foireann bhainistíochta um inneachar gréasáin ann laistigh den Bhord chun ligean d'uasdátú tapa an tsuímh gréasáin. Déantar athruithe a dhéantar ar réimse Béarla an tsuímh i gcomhthráth leis an réimse Gaeilge comhfhreagrach. Tá gach foirm iarratais ar shuíomh gréasáin an Bhoird le fáil i nGaeilge.

### **3.2.3 Foilseacháin**

Foilsítear foilseacháin chorparáideacha mhóra go dátheangach laistigh de chlúdach amháin, de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### **3.2.4 Oiliúint**

Tugtar tosaíocht d'oiliúint sa Ghaeilge i Straitéis Foghlama agus Forbartha an Bhoird agus scaiptear eolas ar chúrsaí Gaeilge don fhoireann uile ag idirthréimhse rialta. Le déanaí, in 2017, iarradh léiriú spéise ón bhfoireann uile agus sholáthair Gaelchultúr

oiliúint ina dhiaidh sin ar leibhéal ullmhúcháin, Leibhéal 4 agus Leibhéal 5. Tá sé réamh-mheasta go mbeidh oiliúint bhreise ar siúl in 2019.

### **3.3 SEIRBHÍSÍ ATÁ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE**

I láthair na huairé ní sholáthraíonn an Bord seirbhísí trí Ghaeilge amháin agus níl aon mholadh ann chun é sin a dhéanamh. Níl aon cheann d'oifigí an Bhoird suite i gceantar Gaeltachta.

### **3.4 SEIRBHÍSÍ ATÁ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE AGUS TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA ARAON**

#### **3.4.1 Measúnú ar éileamh ionchasach sa todhchaí**

De bhun Scéime roimhe seo, mar atá thuasluaite, rinne an Bord suirbhé ar éileamh ionchasach ar a chuid seirbhísí trí Ghaeilge. Rinneadh an suirbhé seo mar aitheantas don fhéidearthacht go raibh tionchar ag infhaighteacht teoranta sheirbhís na Gaeilge ar an éileamh uirthi. Rinneadh an t-imscrúdú ar roghanna chun soláthar seirbhíse trí Ghaeilge a fheabhsú sa chéad Scéim a threorú ag torthaí an tsuirbhé sin. Coimeádtar measúnú faoi athbhreithniú tríd an éileamh ar an tseirbhís. Trí infhaighteacht foirmeacha le haghaidh seirbhísí dlíthiúla cuirfear in iúl d'iaratasóirí faoi infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge..

#### **3.4.2 Seirbhísí Dlí - Ionaid Dhlí**

Tá socruithe reatha an Bhoird le haghaidh soláthar na seirbhíse leagtha amach ag mír 3.1.1 thuas. San alt sin leagtar amach na bearta atá molta le glacadh ag an mBord chun an tseirbhís atá ann a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá seirbhís dhlíthiúil trí Ghaeilge an Bhoird suite faoi láthair in Ionaid Dhlí na Gaillimhe agus Chaisleán an Bharraigh Tá na seirbhísí tacaíochta in Oifig na Gaillimhe dátheangach, chomh maith. Glacfaidh an Bord na beartais chúí chun seirbhísí tacaíochta a chothabháil i nGaeilge ina nIonad Dlí sa Ghaillimh.

Tá seirbhís atreoraithe le fáil sa Bhoird. Go sonrach, déanfar daoine atá ag déanamh teagmháil le haon cheann d'ionaid dhlí nó oifigí an Bhoird atá ag lorg seirbhís dhlíthiúil trí Ghaeilge a atreorú go díreach chuig Ionad Dlí na Gaillimhe nó Chaisleán an Bharraigh, cibé acu is áisiúla dóibh.

Bunaithe ar an éileamh chuige seo, shocraigh an Bord nach raibh sé riachtanach ag an gcéim seo a chumas seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge in ionaid dhlí eile a fheabhsú. Rinneadh an cinneadh sin ar an eolas go raibh cleachtóirí agus abhcóidí príobháideacha cáilithe aitheanta chun seirbhísí trí Ghaeilge an Bhoird in Ionaid Dhlí na Gaillimhe agus Chaisleán an Bharraigh, a chomhlánú, de réir mar atá leagtha amach i 3.4.4 agus 3.4.5 thíos. Sa chás go bhfuil cumas breise de dhíth laistigh den Bhord, d'aithin sé dlíodóirí intí eile a léirigh spéis i seirbhísí dlíthiúla a sholáthar trí Ghaeilge.

### **3.4.3 Seirbhís bunaithe ar ateangaire**

Tá taitheí fairsing ag an Bord cheana féin, trí sheirbhísí dlíthiúla a sholáthar do dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta, i dtaobh sheirbhís a sholáthar le cabhair ateangairí.

Ní meastar go bhfuil sé cuí ag an gcéim seo tús a chur le scéim bunaithe ar léirmhíneitheoir. Tá sé seo i bhfianaise na n-eagrúchán atá ar bun faoi láthair agus na beartais theagmhasacha atá leagtha amach thuas. Ach coinneofar sin mar rogha, áfach, dá mbeadh an gá leis.

### **3.4.4. Seirbhísí bunaithe ar chleachtóir príobháideach**

Úsáideann an Bord seirbhísí cleachtóirí príobháideacha faoi láthair chun cabhrú leis an tseirbhís a sholáthraíonn an fhoireann. Rinne an Bord fiosrú le linn na Scéime a bhí ann roimhe seo ar chumas cleachtóirí príobháideacha chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge ar na caighdeáin a theastaíonn ón mBord agus d'aithin siad roinnt cleachtóirí príobháideacha a bheadh in ann seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge más gá. Déanfar athbhreithniú ar chumas cleachtóirí príobháideacha seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge roimh dheireadh na Scéime seo.

### **3.4.5 Abhcóidí**

Baineann an Bord leas, chomh maith, as seirbhísí abhcóidí, arna stiúradh ag dlíodóirí an Bhoird, chun ionadaíocht a dhéanamh do chliant sa chúirt. D'aithin an Bord, le linn na Scéime a bhí ann roimhe seo, abhcóidí atá cáilithe go cuí chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhíse i nGaeilge. Déanfar athbhreithniú ar chumas abhcóidí seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge roimh dheireadh na Scéime seo.

### **3.4.6 Seirbhísí na Ceannoifige**

Tá feidhmeanna cheannoifige an Bhoird dírithe go príomha ar an tacaíocht le haghaidh seirbhís duine le duine a sholáthar i dteannta le freagra a thabhairt ar cheisteanna ó

bhail an phobail, iarratasóirí agus cliaint. Sholáthair an Bord oiliúint, chomh maith, chun cumas phearsanra eile na ceannoifige a fheabhsú gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Deimhnítear leis seo go ndéantar na seirbhísí duine le duine a sholáthraíonn an Cheannoifig a sheachadadh go dátheangach. Measaimid go soláthrófar an chéad oiliúint / oiliúint athnuachana eile in 2019 agus déanfar athbhreithniú air arís laistigh de fhráma ama na scéime seo.

### **3.4.7 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán an Bhéarla amháin - Seirbhísí Dlíthiúla le haghaidh Lucht Iarrtha Tearmann**

Soláthraíonn an Bord seirbhísí dlíthiúla trí mheán an Bhéarla amháin do dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta.. Soláthraítear an tseirbhís le cabhair ó ateangairí don chuid is mó de na cliaint. Tá sé molta chun leanúint le soláthar na seirbhíse ar an tslí sin.

## **3.5 CUMARSÁID**

Tá ríomhphost i leagan Gaeilge ag an mBord chun ceisteanna ginearálta a fháil trínár suíomh gréasáin ( [eolas@legalaidboard.ie](mailto:eolas@legalaidboard.ie)). Déantar [aon](#) chumarsáid a fhaightear a chur ar aghaidh chuig foireann chúí atá in ann déileáil leis an gcliant trí Ghaeilge.

Deimhneoidh an Bord go bhfuil a chórais TF phoiblí le fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Deimhneoidh an Bord, chomh maith, go soláthraítear 50% dá chuid preaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla ó dháta tosaithe na Scéime seo. Tá an Bord tiomanta go n-eiseofar iad sin go comhuaineach.

## **3.6 ACMHAINNÍ**

### **3.6.1 An Fhoireann**

Rinneadh suirbhé leictreonach cuimsitheach roimhe seo ar fhoireann an Bhoird chun leibhéal an eolais ar Ghaeilge a fháil amach agus faoin ábaltacht gnó a dhéanamh i nGaeilge. Rinneadh fiosrú leis an suirbhé ar riachtanais oiliúna, chomh maith.

Déanfaidh an Bord tiomantas maidir le hoiliúint athnuachana mar is gá de réir mar atá luaite i 3.4.6. Déanfaidh an Bord fiosrú ar oiliúint, chomh maith, lena n-áirítear oiliúint ar líne, do na daoine ainmnithe i ngach ceantar atá freagrach as déileáil le fiosrúcháin trí Ghaeilge.



Deimhneoidh an Bord, sa mhéid agus atá sé indéanta laistigh dá dháileadh foirne ceadaithe, go bhfuil foireann imleor ann ag a bhfuil na scileanna riachtanacha chun éileamh ar sheirbhís i nGaeilge a shásamh. Beidh an fhoireann uile a sholáthraíonn seirbhís trí Ghaeilge laistigh de líon ceadaithe reatha an Bhoird.

### **3.7 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA**

Ní dhéantar idirdhealú leis na beartais dearbhaithe cáilíochta a chuirtear i bhfeidhm le seirbhísí an Bhoird idir na seirbhísí a sholáthraítear i nGaeilge agus iad sin a sholáthraítear i mBéarla. Beidh sé sin amhlaidh le linn shaolré na Scéime.

### **3.8 COMHÉADAN POIBLÍ**

#### **3.8.1 Foirmeacha agus Bileoga:**

Is é polasaí an Bhoird go mbíonn gach foirm agus gach bileog dá chuid le fáil i nGaeilge. Chuige sin, leanfar le foirmeacha agus bileoga a bhaineann le seirbhís an ionaid dlí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirfear na foirmeacha agus na bileoga sin ar fáil in ionaid dhlí. Leanfar le foirmeacha iarratais le haghaidh seirbhísí dlíthiúla, seachas iad sin a bhaineann le seirbhísí cosanta idirnáisiúnta, a chur ar fáil go dátheangach faoi chlúdach amháin. Beidh siad le fáil le híoslódáil i nGaeilge agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin an Bhoird freisin. Beidh bileoga eolais le fáil sa dá theanga.

Sa chás go bhfaightear iarratais i scríbhinn/gutháin/ríomhphoist le haghaidh eolais faoi sheirbhísí an Bhoird, soláthrófar cóip de leagan Gaeilge agus Béarla na bileoige cuí mar fhreagra. Leanfar le foirmeacha agus bileoga a dháileadh trí roinnt asraon eile, mar shampla, Ionaid Eolais do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí theagmháil a dhéanamh le Ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Íosghlao 1890 - 615 200 nó trí ríomhphost chuig [info@legalaidboard.ie](mailto:info@legalaidboard.ie).

#### **3.8.2 Teileafóin**

Leanfaidh oibreoirí an lasc-chláir sa Cheannoifig i gCathair Saidhbhín:

- a bheith oilte chun a bheith in ann glaoiteoirí a dhíriú i nGaeilge chuig an láthair chúí chun seirbhís a fháil i nGaeilge.
- ag tabhairt ainm na heagraíochta i nGaeilge agus fáilte bunúsach a thabhairt trí Ghaeilge nuair atáthar ag freagairt an fhóin.

De réir mar atá leagtha amach thuas, soláthrófar oiliúint athnuachana d'fhoireann an lasc-chláir sa chéad bhliain den Scéim nua seo.

### **3.8.3 Oifigí Poiblí**

Soláthraíonn an Bord seirbhísí do chliaint trína líonra de 33 oifig ionad dlí/seachadta seirbhíse agus 17 n-oifig idirghabhála teaghlaigh, agus tá a lán acu réasúnta beag. Déanfar glaoiteoirí pearsanta ar ionaid dlí a dteastaíonn uathu a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge a atreorú chuig oifigí inar féidir a leithéid de sheirbhís a sholáthar agus déanfar iad a éascú teagmháil a dhéanamh leis an ionad sin. Déileáiltear le glaoiteoirí pearsanta ar ionaid dlí tríd an duine ainmnithe d'fhiosrúcháin trí Ghaeilge san oifig sin.

Tá seirbhísí tacaíochta ag an Bord ag a Ionad Dlí sa Ghailimh atá dátheangach ina n-iomláine. Soláthrófar oiliúint athnuachana sa Ghaeilge mar atá luaite i 3.4.2.

Leanfaidh an Bord ag cloí le forálacha an Achta agus na Rialacháin maidir le páipéarachas agus le comharthaí.

### **3.8.4 Suíomh Gréasáin an Bhoird**

Tá rogha maidir leis an nGaeilge ar shuíomh gréasáin an Bhoird - rud atá mar íomhá scáthánach iomlán den leagan Béarla. Tá gach leathanach gréasáin ar fáil sa dá theanga mar atá sé sonraithe i 3.2.2. Tá an Bord tiomanta dá shuíomh gréasáin a choimeád sa dá theanga. Déanfar leagan Gaeilge den táscaire ar líne atá ar fáil faoi láthair ar shuíomh gréasáin an Bhoird a eisiúint sa chéad bhliain den Scéim seo.

### **3.8.5 Córais TF**

Cuireadh Córas Bainistíochta Cásanna Dlí (EOS) i bhfeidhm in 2012. Tugann an córas seo tacaíocht do gach cuid de chás ón gcéad teagmháil leis an mBord go dtí dúnadh an cháis. Forbraíodh an córas seo leis an gcumas tacaíocht a thabhairt d'ionchur na Gaeilge. Is féidir litreacha caighdeánacha agus foirmeacha i bhfoirm dhátheangach a chur air a luaithe is atá siad imithe trí phróiseas ceadaithe. Is féidir foirmeacha neamhchaighdeánacha a aistriú mar is gá agus iad a bhreithniú le haghaidh iniaimh ar an gcóras mar theimpléid ar an tslí chéanna céanna le foirmeacha caighdeánacha.

### **3.9 FORBAIRT FOIRNE**

D'aithin an Bord roinnt de na baill foirne ag a bhfuil an cumas seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Déanfaidh sé iarracht, chomh maith, na hoifigí a aithint gur dhócha go mbeadh foireann dá leithéid de dhíth iontu, agus tá sé i gceist aige iniúlacht a sholáthar sna hoifigí sin trí mheascán d'earcaíocht agus d'oiliúint. Spreagfar an fhoireann i gceantair ábhartha úsáid a bhaint as cúrsaí oiliúna na Gaeilge. Cuireadh an oiliúint is déanaí, arna cur chun feidhme ag Gaelchultúr agus arna tairiscint don fhoireann uile san eagraíocht, chun feidhme in 2017. Measaimid go mbeidh an chéad céim eile den oiliúint ar siúl in 2019.

### **3.10 TACAÍOCHTAÍ DO SHOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ AS GAEILGE**

Soláthróidh an Bord na háiseanna riachtanacha agus an tacaíocht riachtanach don fhoireann atá freagrach as seirbhís a sholáthar as Gaeilge. Áireofar leis sin oiliúint, infhaighteacht bileoige eolais le 'frásaí úsáideacha' don fhoireann, foclóirí, agus na hábhair tacaíochta eile atá riachtanach chun soláthar seirbhíse as Gaeilge a chumasú ar chaighdeán cáilíochta an Bhoird. Sa bhreis air sin, maidir le haon chórais ríomhaireachta nua a dhéanfar a thionscnamh tar éis thús na Scéime seo, tabharfar an gá san áireamh leo, nuair atá sé riachtanach, le bheith ábalta ina n-iomláine an Ghaeilge a láimhseáil. Nuair is gá, déanfar córais atá ann cheana a oiriúnú chun an Ghaeilge a láimhseáil ag an gcéad uasghrádú oiriúnach eile.

Deimhneoidh an Bord go soláthraítear 50% dá chuid preaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla araon ó dháta tosaithe na Scéime seo. Tá an Bord tiomanta go n-eiseofar iad sin go comhuaineach.

Cuirfear an bhileog eolais le 'frásaí úsáideacha' ar fáil don fhoireann uile ar inlín an Bhoird.

## **CAIBIDIL 4 - TOSÚ AGUS CUR CHUN FEIDHME**

### **4.1 - CUR CHUN FEIDHME**

Beidh freagracht iomlán ag Stiúrthóirí na Seirbhísí Corparáideacha as cur chun feidhme na Scéime seo sa Bhord.

### **4.2 COMHLÍONADH**

Déanfaidh an Bord gach iarracht infhaighteacht na seirbhísí trí Ghaeilge a phoibliú trí:

- fógraí a chur in oifigí poiblí agus ar an suíomh gréasáin ag cur in iúl do chustaiméirí go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge le fáil, agus
- fógraí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ag cur in iúl do chustaiméirí faoi sheirbhísí trí Ghaeilge agus fáilte a chur rompu siúd óna dteastaíonn uathu úsáid a bhaint as seirbhísí dá leithéid.
- Cuirfear cóip den scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

## Aguisín 1

### SUÍOMH OIFIGÍ AN BHOIRD AGUS IONAIÐ DHLÍ/OIFIGÍ SEACHADTA SEIRBHÍSE

#### OIFIGÍ AN BHOIRD

##### **Ceannoifig**

Sráid na Cé

Cathair Saidhbhín

Co. Chiarraí

Teil: 066 947 1000

Íosghlao: 1890 615 200

Facs: 066 947 1035

##### **Oifig Bhaile Átha Cliath**

48-49 Sráid Brunswick Thuaidh,

Lána Sheoirse,

Margadh na Feirme,

Baile Átha Cliath 7

Teil: 01 644 1900

Facs: 01 662 3661

Suíomh gréasáin: [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie)

ríomhphost: [info@legalaidboard.ie](mailto:info@legalaidboard.ie)

**Liosta na nIonad Dlí  
Ionaid Dhlí Lánaimseartha**

**IONAD DLÍ**

**DLÍODÓIR BAINISTÍOCHTA**

**AN CABHÁN**

Ionad Siopadóireachta an Chlóis Nua, Sráid na hEaglaise  
An Cabhán, H12C8D8

**Emily Sherlock**

Teil.: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304

---

**AN CLÁR**

Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. an Chláir,  
V95 HH58

**Mary Cuffe**

Teil.: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939

---

**CORCAIGH**

Teach na Cé Thuaidh, Corcaigh, T32 HV26

Teil.: (021) 455 1686 Facs: (021) 4551690

**Betty Dineen**

An Cúigiú Urlár, Foirgneamh Bheatha na hÉireann  
Corcaigh, T12 R7WC

**Deirdre Kissane**

Teil.: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927

---

**DÚN NA nGALL**

Aonad B9, Lár Bhaile Leitir Ceanainn, Bóthar an  
Ghiúistís Breathnach

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 H263

**Derbhala Deary**

Teil.: (074) 912 6177 (074) 912 6086

---

**BAILE ÁTHA CLIATH**

4ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis, Baile Átha Cliath 1  
D01 E3W9

**Anke Hartas**

Teil.: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896

---

---

1ú Urlár, Ionad Cathartha, Comhairle Contae Bhaile Átha  
Cliath Theas, Bóthar an Naoú Loc, Cluain Dolcáin, Baile  
Átha Cliath 22 , D22 E9

**Anne Marie Blaney**

Teil.: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007

---

Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24  
, D24 P2PY

**John Crawford**

Teil.: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989

---

44/49 An Príomhshráid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11,  
D11 TCC9

**Eva Lalor**

Teil.: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362

---

, 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Baile Átha Cliath 7,  
D07 PEOC

**Grainne Brophy**

Teil.: (01) 646 9600 Facs: (01) 6710200

---

Aonad 6-8, Ionad Ghnó Bhaile Bhlainséir  
Bóthar Chluain Saileach  
Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 DT78

**Mary Pat Ahern**

Teil.: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450

---

An tAonad Failithe Leighis agus Díobháilithe Pearsanta  
Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague Baile Átha Cliath  
2. D02 FT96

**Garret Searson**

Teil.: (01) 477 6208 (01) 477 6241

---

Aonad Cúram Leanaí, An Teach Cúirte, Sráid na  
Seansaíreachta,  
Baile Átha Cliath 7, D07 A599

**John Callan**

Teil.: (01) 8286626 Facs: (01) 8286649

---

---

**GAILLIMH**

9 Sráid Phroinsias, Gaillimh, H91 N253  
Teil.: (091) 561650 Facs: (091) 563825

**Shane Dooley**

Teach Seville, Sráid na nDuganna Nua, Gaillimh, H91  
CKV0  
Teil.: (091) 562480 Facs: (091) 562599

**Cormac Faherty**

---

**CIARRAÍ**

1 Plás Day, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 CR22

**Carol Anne Coolican**

Teil.: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631

---

**CILL DARA**

Plás Uí Chainín, Droichead Nua, Cill Dara, W12 EI27

**Edel Poole**

Teil.: (045) 435777 Facs (045) 435766

---

**CILL CHAINNIGH**

Aonad A, 1ú Urlár, Ionad na Páirce Móire, An Loch Buí,  
Cill Chainnigh, R95 HK11

**St. John J. Donovan**

Teil.: (056) 776 1611 Facs: (056) 7761562

---

**LAOIS**

Aonad 6A, Sráid an Droichid, Port Laoise, R32 ED34

**Katie Gilhooly**

Teil.: (057) 866 1366 Facs: (057) 866 1362

---

**LUIMNEACH**

Aonad F, Cé na Comhla, V94 FP90

**Catherine Ryan**

Teil.: (061) 314599 Facs: (061) 318330

---

**AN LONGFORT**

7/8 Cearnóg an Mhargaidh, An Longfort, W39 RH27

**Edel Hamilton**

Teil.: (043) 334 7590 Facs: (043) 334 7594

---



---

**LÚ**

Teach Condil, Sráid Roden, Dún Dealgan  
Co. Lú, A91 E6RE

**Christine Hayes**

Teil.: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991

---

**MAIGH EO**

Halla Humbert, An Príomhshráid, Caisleán an Bharraigh,  
Co. Mhaigh Eo., F23 XR50

**Patricia Horan**

Teil.: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721

---

**AN MHÍ**

Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Co. na Mí

**Louise McDarby**

Teil.: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519

---

**MUINEACHÁN**

Teach Alma, An Diamant, Muineachán, H18 PD65

**Stephanie Coggans**

Teil.: (047) 84888 Facs: (047) 84879

---

**UÍBH FHAILÍ**

Sráid an Chalafoirt , R35 NW08

**Deirdre O'Connor**

Teil.: (057) 935 1177 Facs: (057) 935 1544

---

**SLIGEACH**

Teach Uisce an Droichid, Paráid Choill na Carraige  
Sligeach, F91 Y9YY

**Brendan Hoey**

Teil.: (071) 916 1670 Facs (071) 916 1681

---

**TIOBRAID ÁRANN**

Cúirt an Phaoraigh, Sráid na Mainistreach, An tAonach,  
Co. Thiobraid Árann, E45 KN59

**John O'Gorman**

Teil.: (067) 34181 Facs: (067) 34083

---

---

**PORT LÁIRGE**

Teach Ceanada, Sráid Cheanada, Port Láirge, X91 **Aidan Lynch**  
K0NN

Teil.: (051) 855814 Facs: (051) 871237

---

**AN IARMHÍ**

Lána Paynes, An Baile Gaelach, Baile Átha Luain,  
Co. na hIarmhí, N37 RK33

**Martina Ryan**

Teil.: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160

---

**LOCH GARMAN**

Aonad 8, Cearnóg Mhic Réamainn, Loch Garman, Y35 **Niamh Murran**  
HF68

Teil.: (053) 912 2622 (053) 912 4927

---

**CILL MHANTÁIN**

Urlár 3, Bloc D, Oifigí Cathartha, an Príomhshráid, Bré,  
Co. Chill Mhantáin, A98 R6W4

**Barbara Smyth**

Teil.: (01) 2022644 Facs: 01 2022667

---

---

**IONAID DHLÍ PHÁIRTAIMSEARTHA**

---

**Láthair agus teileafón****Oscailte****Ionad Dí**

---

**CEATHARLACH**

Biúró Eolais do Shaoránaigh Naomh  
Caitríona,

Bóthar Naomh Iósaif, Ceatharlach Dhá uair sa Mhí

Cill Chainnigh

Teil.: (059) 913 8700

---

**CORCAIGH**

Biúró Eolais do Shaoránaigh,  
Cearnóg Wolfe Tone, Beanntraí  
(021) 455 1686

De réir mar is gá

Corcaigh  
(Cé Pope)

---

---

**DÚN NA nGALL**

An Teach Cúirte, Baile Dhún na nGall

Teil.: (074) 912 6177

Uair sa mhí

Leitir Ceanainn

---

**CIARRAÍ**

Óstán Arbutus, Sráid an Choláiste, Cill

Airne

Teil.: (066) 712 6900

Le coinne

Trá Lí

---

**LIATROIM**

An tIonad Sláinte

Bóthar Liatroma, Carraig na Sionainne

Teil.: (043) 47590

Uair sa mhí

An Longfort

---

**LÚ**

Ionad Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha

Corrán Scarlett, Droichead Átha

Teil.: (047) 84888/84879

Le coinne

Muineachán

---

**MAIGH EO**

An tIonad Tréadach (Páirc na hEaglaise)

Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Teil.: (094) 902 4334

Uair sa mhí

Caisleán an Bharraigh

An tIonad Sláinte

Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais

Teil.: (094) 902 4334

An Ceathrú Máirt de gach mí

Caisleán an Bharraigh

---

**ROS COMÁIN**

Ionad Eolais do Shaoránaigh

7 Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille

Teil.: (071) 916 1670

Uair gach dhá mhí

Sligeach

---

**TIOBRAID ÁRANN**

Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlas,  
Sráid Uí Dhonnabháin Rosa, Durlas

Dara Máirt de gach mí

An tAonach

Teil.: (0504) 22169

Ceithre huaire sa mhí

An tAonach

Ionad Eolais do Shaoránaigh,  
14 Sráid Wellington, Cluain Meala.

Teil.: (052) 22267

---

**AN IARMHÍ**

Aonad 11, An tIonad Fiontair,

Sráid Gheata an Easpaig, An Muileann Uair sa mhí  
gCearr

Baile Átha  
Luain,

Teil.: (090) 647 4694

---

Tabhair faoi deara go bhféadfadh na dátaí agus na hamanna ar a mbíonn na hionaid dlí páirtaimseartha ar oscailt a athrú, ag brath ar an éileamh ar an tseirbhís Úsáid na huimhreacha teagmhála thuas chun a fháil amach cathain a bhíonn ionad dlí ar oscailt

**AGUISÍN 2**  
**Liosta d'Oifigí Idirghabhála Teaghlaigh**

**OIFIGÍ LÁNAIMSEARTHA**

**Baile Átha Cliath**

**Baile Bhlainséir**

Teach an Chinn Thiar,  
Páirc Ghnó an Chinn Thiar,  
Leathnú Bóthar Dhromainn na gCloch  
Baile Bhlainséir,  
Baile Átha Cliath 15 D15 KPW7  
Teil: (01) 811 8650  
Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine 9rn - 5in

**Teach an Charnáin**

Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh,  
4<sup>ú</sup> Urlár, Teach an Charnáin  
Baile Átha Cliath 2, D02 RR76  
Teileafón (01) 672 5886  
Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine 9.30rn - 4.30in

**Teach Jervis**

Sráid Jervis,  
Baile Átha Cliath 1, D01 E3W9  
Teileafón (01) 874 7446  
Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine 9rn - 5in

**Tamhlacht**

Faiche an tSráidbhaile,  
Tamhlacht  
Baile Átha Cliath 24 D24 P2PY  
Teil: (01) 414 5180  
Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine 9rn - 5in

**Corcaigh**

3ú & 4ú hUrlár  
Teach Hibernian  
80A An Meal Theas  
Corcaigh, T12 ACR7

Teil: (021) 425 2200

Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine, 9in - 5rn

### **Gaillimh**

3ú hUrlár

Cearnóg na gCeannaithe,

Sráid na nDuganna Nua

Gaillimh, H91 D37R

Teil: (091) 509730

Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine, 9in - 5rn

### **Luimneach**

3ú hUrlár

Áth an Mhaide,

Sráid Mhala Íochtarach,

Luimneach. V94 WC6A

Teil: (061) 214310

Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine, 9in - 5rn

### **OIFIGÍ PÁIRTAIMSEARHA**

#### **Dún na nGall**

3ú hUrlár

Teach Éadan na hAbhann

Bóthar an Phiarsaigh,

Leitir Ceanainn,

Contae Dhún na nGall, F92 T68V

Fón: (074) 910 2240

Uaireanta Oscailte: Dé Luain, Dé Máirt & Dé Céadaoin 9rn - 1in, 2in - 5in.

#### **Ciarraí**

Aonad 2,

Plás an Mhargaidh,

An Príomhshráid,

Trá Lí,

Contae Chiarraí, V92 W8YY

Teil: (066) 718 6100

Uaireanta Oscailte: Dé Luain & De Máirt 9rn - 1in, 2in - 5in.

Dé Céadaoin 9rn - 12.30in (clúdach riaracháin)

### **Cill Chainnigh**

Aonad A, 1ú Urlár

Ionad Smithfield

An Loch Buí

Cill Chainnigh, R95 HK11

Teil: (056) 7775616

Uaireanta Oscailte: Luan go Céadaoin 9rn - 1in, 2in - 5in

Riarachán Luan go Céadaoin 9rn - 1in, 2in - 5in

### **Laois**

Leibhéal 2

Teach Grattan,

Ionad Gnó Theach Grattan,

Port Laoise

Co. Laoise

Teil: (057) 869 5730

Uaireanta Oscailte: Dé Máirt agus Dé Céadaoin 9rn - 1in & 2in - 5in

Déardaoin 9rn - 12.30in (clúdach riaracháin)

### **Lú**

Teach Condil,

Sráid Roden,

Dún Dealgan,

Contae Lú, A91 E6RE

Teil: (042) 935 9410

Uaireanta Oscailte: Dé Máirt & Déardaoin 9.30rn - 1in, 2in - 5.30in

Dé Céadaoin 9.15rn - 12.45in (clúdach riaracháin)

### **Maigh Eo**

f/ch Ionad Teaghlaigh

Sráid an tSéipéil,

Caisleán an Bharraigh

Contae Mhaigh Eo, F23 PH39

Teil: (094) 903 5120

Uaireanta Oscailte: Dé Céadaoin, Déardaoin & Dé hAoine 9rn -1in, 2in - 5in.

**Sligeach**

Leibhéal 6,  
Ionad Siopadóireachta Thaobh na Cé,  
Sráid an Fhíona,  
Sligeach, F91 VX7P  
Teil: (071) 915 4260  
Uaireanta Oscailte: Dé Luain & De Máirt 9rn - 1in, 2in - 5in.  
Dé Céadaoin 9rn - 12.30in (clúdach riaracháin)

**Port Láirge**

13B Teach Wallace,  
Geata Maritana,  
Sráid Cheanada  
Port Láirge, X91 YD79  
Fón: (051) 860460  
Uaireanta Oscailte: Luan go Aoine 9rn -1in, 2in - 5in.

**Iarmhí**

Sraith 10, An Chéad Urlár  
Ionad Gnó Inis na Carraige  
Oileán Golden,  
Baile Átha Luain,  
Contae na hIarmhí, N37 V278  
Teil: (0906) 420970  
Uaireanta Oscailte: Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin 9rn - 1in, 2in - 5in.

**Loch Garman**

Aonad 8,  
Cearnóg Mhic Réamainn  
Loch Garman Y35 DX43  
053 9163050  
Uaireanta Oscailte: Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin & Déardaoin 9rn - 5in